**Inniu beidh muid ag foghlaim cúig fhíric iontacha faoi shúnámaithe.**

**Fíric a hAon**

Is tonnta ollmhóra iad súnámaithe a tharlaíonn mar gheall ar bhrúchtaí bolcánacha, creathanna talún agus sciorrthaí talún. Ní tonn ollmhór amháin atá ann, ach go leor tonnta. Tugtar tonnsraith air seo. Ní hí an chéad tonn a bhuaileann an tonn is láidre, éiríonn na tonnta níos tapa agus níos láidre de réir a chéile de bhrí go bhforbraíonn an fuinneamh sa súnámaí de réir a chéile.

**Fíric a Dó**

Má bhíonn sibh ag an trá riamh agus má imíonn an t-uisce ar fad ó radharc, tá sé in am aghaidh a thabhairt ar thalamh níos airde. Mar gheall ar an súnámaí téann an t-uisce amach go tapa de bhrí gur taoide ollmhór atá ann. Téann na taoidí san aigéan isteach agus amach go mall i rith an lae an t-am ar fad. Ach nuair a thosaíonn súnámaí, téann an taoide amach go tapa agus go tobann, agus tagann sí isteach arís go tapa freisin. Ní bheidh sí cosúil le gnáth-thaoide.

**Fíric a Trí**

An bhfuil a fhios agaibh cé chomh hard is atá tonnta ar an trá? Tá gnáth-thonnta thart ar 6 troithe ar airde ach d'fhéadfaidís a bheith níos airde in aimsir áirithe. Tá súnámaithe i bhfad níos airde, d'fhéadfaidís a bheith suas le 100 troigh ar airde! Tá sé sin chomh hard céanna le cúig shioráf.

**Fíric a Ceathair**

Tá súnámaithe cosúil le fuinneamh is cúis le tonnta a bheith á scaoileadh. D'fhéadfadh an fuinneamh sin a bheith mar bhonn le tonnta a bhogann go tapa. Féadfaidh súnámaithe taisteal suas le 600 míle san uair, ní thaistealaíonn scairdeitleáin ach ag thart ar 550 míle san uair. Taistealaíonn siad chomh tapa trasna an aigéin go bhféadfaidís cur isteach ar roinnt tíortha éagsúla ag an am céanna. In 2004, bhí tionchar ag an súnámaí céanna ar ocht dtír dhéag. Sin tonn mhór!

**Fíric a Cúig**

B'fhéidir gur mhaith le surfálaithe áirithe a bheith ar bharr toinne chomh mór leis sin, ach ní fhéadfaidís a leithéid a dhéanamh. Níl 'aghaidh' ag tonnta súnámaí. Is í aghaidh na toinne an áit a mbíonn surfálaithe ag díriú uirthi ar a gcláir. Tá súnámaithe cosúil le balla mór uisce seachas tonn mar gheall air sin.

Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as an gcúig fhíric iontacha sin faoi shúnámaithe, feicfidh mé arís sibh!

